2025/2642

23.12.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2642ÓN gCOMHAIRLE

an 19 Nollaig 2025

maidir le bunú an Chomhthiomsaithe Dlúthpháirtíochta Bhliantúil le haghaidh 2026

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1147 agus (AE) 2021/1060 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ([1]), agus go háirithe Airteagal 57(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun comhroinnt chóir freagrachta a áirithiú, leis an gComhthiomsú Dlúthpháirtíochta Bliantúil le haghaidh 2026, ba cheart tacaíocht éifeachtach a thabhairt do na Ballstáit ar cinneadh i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2323 ón gCoimisiún ([2]).

(2) Leis an gComhthiomsú Dlúthpháirtíochta Bliantúil le haghaidh 2026, ba cheart aghaidh a thabhairt ar staid na himirce in 2026 ar bhealach cothrom éifeachtach, agus ba cheart teacht leis na riachtanais dlúthpháirtíochta réamh-mheasta bliantúla. Tá an measúnú ar na riachtanais sin a bheidh ann in 2026 agus na huimhreacha tagartha chun cion cothrom gach Ballstáit a ríomh, tá siad bunaithe ar na critéir chainníochtúla agus cháilíochtúla agus ar an anailís chainníochtúil agus cháilíochtúil a chuimsítear i dteachtaireacht an 11 Samhain 2025 ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle dar teideal 'an Tuarascáil Bhliantúil Eorpach ar Thearmann agus Imirce (2025)' ('an Tuarascáil Bhliantúil') maidir leis an tréimhse thuairiscithe a mhair ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025 agus an réamh-mheastachán le haghaidh 2026, sin agus ar an meánráta glactha ar leibhéal an Aontais agus ar an meánráta fillidh ar leibhéal an Aontais. D'úsáid an Coimisiún an fhaisnéis sin ar fad agus Cinneadh (AE) 2025/2323 á ghlacadh aige.

(3) Sa Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an tréimhse thuairiscithe a mhair ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025, déantar measúnú ar staid an tearmainn, an ghlactha agus na himirce le linn na tréimhse 12 mhí, eadhon an 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024, feadh na mbealaí imirce go léir, agus tugtar léiriú staide agus réamh-mheastachán straitéiseach maidir leis an gcéad bhliain eile.

(4) I gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2323, shainaithin an Coimisiún, agus é ag gníomhú de bhun Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) 2024/1351, gur Ballstáit iad an Ghréig, an Spáinn, an Iodáil agus an Chipir atá faoi bhrú imirce. Is i bhfianaise an líon mór díbhordálacha i ndiaidh oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála a cinneadh go bhfuil brú imirce i gceist sa Spáinn agus san Iodáil. Ba cheart do na ceithre Bhallstát sin a chur in iúl don Choimisiún agus don Chomhairle cé acu atá nó nach bhfuil sé beartaithe acu úsáid a bhaint as an gComhthiomsú Dlúthpháirtíochta Bliantúil le haghaidh 2026, agus ba cheart dóibh faisnéis a sholáthar maidir le cineál agus leibhéal na mbeart dlúthpháirtíochta is gá chun aghaidh a thabhairt ar an staid. Ina dhiaidh sin, ba cheart rochtain a bheith ag na ceithre Bhallstát sin ar na bearta dlúthpháirtíochta arna mbunú leis an gComhthiomsú Dlúthpháirtíochta Bliantúil le haghaidh 2026 agus níl cheart oibleagáid a bheith orthu a rannchuidithe dlúthpháirtíochta geallta a chur chun feidhme.

(5) Agus riachtanais dlúthpháirtíochta na mBallstát atá faoi bhrú imirce á sainaithint, ní hamháin go gcuirtear san áireamh an staid fhoriomlán sna ceithre Bhallstát ar sainaithníodh go bhfuil siad faoi bhrú imirce, ach cuirtear san áireamh freisin réamh-mheastachán na bhforbairtí amach anseo a leagtar amach sa Tuarascáil Bhliantúil agus an tionchar a cheaptar a bheidh ar na Ballstáit ar sainaithníodh go bhfuil siad faoi bhrú imirce.

([1]) IO L, 2024/1351, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1351/oj.
([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2323 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2025 de bhun Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2025/2323, 14.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/2323/oj).

(6) Agus riachtanais dlúthpháirtíochta á sainaithint, cuirtear san áireamh freisin an tacaíocht a thugann Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann agus an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex), mar aon le tacaíocht chistiúcháin a fuair na Ballstáit atá faoi bhrú imirce le linn na tréimhse tuairiscithe. Is bearta tacaíochta tábhachtacha iad sin a chuimsítear i mBuanbhosca Uirlisí Tacaíochta an Aontais Eorpaigh don Imirce a bunaíodh le hAirteagal 6(3) de Rialachán (AE) 2024/1351.

(7) Ionas gur ar bhealach cothrom éifeachtach a shainaithnítear na riachtanais dlúthpháirtíochta, is gá a mheas freisin an leibhéal gluaiseachtaí neamhúdaraithe a bhí i gceist san Aontas cheana, leibhéal lenar ghabh dúshlán, d'ainneoin gur tháinig laghdú orthu.

(8) Sa bhreis air sin, ní mór an staid fhoriomlán san Aontas a chur san áireamh chomh maith agus na riachtanais dlúthpháirtíochta á sainaithint, lena n-áirítear go bhfuil 12 Bhallstát i mbaol brú imirce, eadhon an Bheilg, an Bhulgáir, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Fhrainc, an Chróit, an Laitvia, an Liotuáin, an Ísiltír, an Pholainn agus an Fhionlainn, agus sé Bhallstát ag tabhairt aghaidh ar staid shuntasach imirce, eadhon an Bhulgáir, an tSeicia, an Eastóin, an Chróit, an Ostair agus an Pholainn.

(9) Agus riachtanais dlúthpháirtíochta á sainaithint, cuirtear san áireamh freisin an oibleagáid a bhunaítear le h Airteagal 63(3), pointí (a) agus (b), de Rialachán (AE) 2024/1351 maidir leis an leibhéal íosta dlúthpháirtíochta is gá a bhaint amach.

(10) Tá na riachtanais dlúthpháirtíochta le haghaidh 2026 don Chomhthiomsú Dlúthpháirtíochta Bliantúil ar leibhéal an Aontais le sainaithint mar 21 000 le haghaidh athshocruithe agus mar EUR 420 milliún le haghaidh ranníocaíochtaí airgeadais, rud a léiríonn go gcuirfear tús leis an gcéad timthriall bliantúil bainistithe imirce de chuid an Aontais agus leis na gealltanais dlúthpháirtíochta chomhfhreagracha a chur chun feidhme ón 12 Meitheamh 2026, chomh maith le dáileadh míchothrom imirceach neamhrialta sna Ballstáit is tairbhithe i rith na bliana ar fad, a mbíonn líonta níos mó d'imircigh neamhrialta sa dara leath den bhliain mar thoradh air de ghnáth.

(11) Ós amhlaidh i gcás 42 % de na himircigh neamhrialta ar fad a tháinig isteach sna Ballstáit ar cinneadh go bhfuil siad faoi bhrú imirce, go mba dhaoine iad a tháinig isteach tar éis oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála sa Spáinn agus san Iodáil, ba cheart an céatadán táscach den Chomhthiomsú Dlúthpháirtíochta Bliantúil le haghaidh 2026 atá le cur ar fáil don Spáinn agus don Iodáil a bheith ag teacht leis an méid sin.

(12) De bhun Rialachán (AE) 2024/1351, tá an Comhthiomsú Dlúthpháirtíochta Bliantúil le haghaidh 2026 le na rannchuidithe arna ngealladh ag na Ballstáit le linn cruinnithe de Fhóram Ardleibhéil Dlúthpháirtíochta an Aontais a leagan amach. Tionóladh Fóram Ardleibhéil Dlúthpháirtíochta an Aontais an 13 Samhain 2025 agus bhí cruinnithe aige an 18 Samhain agus an 27 Samhain 2025, inar gheall na Ballstáit a rannchuidithe dlúthpháirtíochta.

(13) Na trí chineál birt dlúthpháirtíochta atá beartaithe faoi Airteagal 56(2) de Rialachán (AE) 2024/1351, eadhon athshocrú, ranníocaíochtaí airgeadais agus bearta malartacha dlúthpháirtíochta, meastar go bhfuil siad ar comhluach le chéile. Dá bhrí sin, is faoi gach Ballstát atá sé a chinneadh cén cineál dlúthpháirtíochta a gheallfaidh sé, lena n-áirítear leas a bhaint as an bhféidearthacht meascán de chineálacha éagsúla beart dlúthpháirtíochta a ghealladh, agus chomh maith leis an bhféidearthacht bearta malartacha dlúthpháirtíochta a ghealladh go heisiach. I gcur chun feidhme an Chomhthiomsaithe Dlúthpháirtíochta Bhliantúil le haghaidh 2026, mar an chéad chomhthiomsú dlúthpháirtíochta bliantúil, is féidir gealltanais airgeadais na mBallstát maidir le ranníocaíochtaí airgeadais a choigeartú go foirmeacha eile tacaíochta dlúthpháirtíochta.

(14) Cláraíodh líonta arda gluaiseachtaí neamhúdaraithe san Aontas sa tréimhse thuairiscithe an 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025 agus san idirthréimhse i dtreo fheidhmiú iomlán na rialacha nua freagrachta. Dá bhrí sin, ní mór an staid reatha sin sna Ballstáit a chur san áireamh, chun tacú leis an gComhthiomsú Dlúthpháirtíochta Bhliantúil le haghaidh 2026, mar an chéad chomhthiomsú dlúthpháirtíochta bliantúil, a bhunú go héifeachtúil. Le linn na hidirthréimhse tosaigh sin, a chomhfhreagraíonn do na tréimhsí tuairiscithe nár cuireadh san áireamh iontu staid na himirce mar a sheasann sí ach a mbeidh na rialacha substainteacha a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1351 infheidhme ina n-iomláine, tá féidearthacht shuntasach ann go mbainfear amach dlúthpháirtíocht fhoriomlán agus comhroinnt chóir freagrachta trí aitheantas agus cuntas cuí a thabhairt d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a bhog ó na Ballstáit is tairbhithe i dtreo na mBallstát is rannchuiditheoirí agus a rinne iarratas ar chosaint idirnáisiúnta sna Ballstáit is rannchuiditheoirí sin sa tréimhse tuairiscithe ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit is rannchuiditheoirí uile a bheith in ann rannchuidiú freisin leis an dlúthpháirtíocht trí chineálacha eile tacaíochta dlúthpháirtíochta, lena n-áirítear na cinn sin a mbíonn freagracht ar na Ballstáit is rannchuiditheoirí sa tréimhse thuairiscithe sin mar thoradh orthu. Ba cheart do na Ballstáit is rannchuiditheoirí agus do na Ballstáit is tairbhithe na cineálacha tacaíochta dlúthpháirtíochta eile sin a chomhaontú go déthaobhach, agus ba cheart iad a chur san áireamh agus an Cinneadh seo á chur chun feidhme chun cion cothrom éigeantach na mBallstát is rannchuiditheoirí a léiriú, agus é á áirithiú, ar bhonn cásanna ábhartha, gur féidir leis na Ballstáit uile cineálacha eile tacaíochta dlúthpháirtíochta a chur chun feidhme ar bhealach cothrom éifeachtach, agus Comhordaitheoir Dlúthpháirtíochta an Aontais ag éascú na hidirghníomhaíochta agus an chomhair i measc na mBallstát chun a chur chun feidhme cothrom agus éifeachtach a bhaint amach.

(15) Ba cheart a léiriú i gComhthiomsú Dlúthpháirtíochta Bliantúil le haghaidh 2026, mar an chéad chomhthiomsú dlúthpháirtíochta bliantúil, go bhfuil sé bunaithe ar ghealltanais arna ndéanamh ag na Ballstáit tráth nach bhfuil na rialacha substainteacha a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1351 infheidhme go fóill, agus go gcuirfear tús leis an gcéad timthriall bliantúil bainistithe imirce de chuid an Aontais agus leis na gealltanais dlúthpháirtíochta a chur chun feidhme ón 12 Meitheamh 2026. Chun cothromaíocht iomchuí a áirithiú idir an dlúthpháirtíocht agus an fhreagracht sa chomhthéacs sin, go háirithe i ndáil le staid na mBallstát sin a shainaithnítear de bhun Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2323 mar Bhallstáit a bhfuil aghaidh á tabhairt acu ar staid shuntasach imirce, ba cheart a aithint go heisceachtúil go bhféadfar gealltanais na mBallstát sin a choigeartú dá réir.

(16) Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an gCinneadh seo rannchuidiú le cur chuige cuimsitheach a bhaint amach maidir le bainistiú na himirce ar leibhéal an Aontais, tríd an gcéad chéim bhunriachtanach a áirithiú i gcur chun feidhme an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann, lena n-áirítear Rialachán (AE) 2024/1351, agus trí ghníomhaíocht chomhtháite fhoriomlán a chothú i réimsí tosaíochta atá nasctha go díreach, go háirithe na réimsí sin a bhaineann le córas coiteann an Aontais um fhilleadh agus liosta de chuid an Aontais de thíortha sábháilte tionscnaimh a bhunú. I ndáil leis sin, ba cheart go rannchuideodh an Cinneadh seo leis an mbrú foriomlán ar chórais tearmainn na mBallstát a laghdú agus le tacú le feidhmiú an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann.

(17) I gcomhréir le hAirteagal 4 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach ('CAE') agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE'), tá fógra tugtha ag Éirinn, le litir dar dháta an 27 Meitheamh 2024, gur mian léi glacadh le Rialachán (AE) Uimh. 2024/1351 agus a bheith faoi cheangal aige. Dearbhaíodh rannpháirtíocht na hÉireann i Rialachán (AE) 2024/1351 le Cinneadh (AE) 2024/2088 ón gCoimisiún ([3]). Dá bhrí sin, tá Éire rannpháirteach i nglacadh agus i gcur chun feidhme an Chinnidh seo.

(18) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná níl sí faoi réir a chur i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Bunaítear, leis seo, an Comhthiomsú Dlúthpháirtíochta Bliantúil le haghaidh 2026, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn.

2. Is é 21 000 uimhir thagartha na n-athshocruithe a bheidh ag gabháil leis an gComhthiomsú Dlúthpháirtíochta Bliantúil le haghaidh 2026.

3. Is é EUR 420 000 000 uimhir thagartha na ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh ag gabháil leis an gComhthiomsú Dlúthpháirtíochta Bliantúil le haghaidh 2026.

4. Leagtar amach san Iarscríbhinn na rannchuidithe dlúthpháirtíochta, arna ngealladh ag gach Ballstát i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2024/1351.

5. Léirítear rannchuidithe dlúthpháirtíochta gach Ballstáit mar fhigiúirí comhiomlána a chomhfhreagraíonn do na bearta dlúthpháirtíochta dá dtagraítear in Airteagal 56(2), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) 2024/1351.

6. Is é 42 % an sciar táscach de na huimhreacha tagartha a luaitear i míreanna 2 agus 3 a chuirfear ar fáil do na Ballstáit a shainaithnítear go bhfuil siad faoi bhrú imirce mar gheall ar líon mór imirceach a bheith i gceist de dheasca díbhordálacha athfhillteacha i ndiaidh oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála.

Airteagal 2

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón 12 Meitheamh 2026.

([3]) Cinneadh (AE) 2024/2088 ón gCoimisiún an 31 Iúil 2024 lena ndeimhnítear rannpháirtíocht na hÉireann i Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bainistiú tearmainn agus imirce, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1147 agus (AE) 2021/1060 (IO L, 2024/2088, 2.8.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2088/oj).

Airteagal 3

Dírítear an Cinneadh seo chuig na Ballstáit, i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Nollaig 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. BJERRE

IARSCRÍBHINN

1. Ballstáit atá faoi bhrú imirce de bhun Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2323

Ballstát	Cion cothrom	Athshocrú nó cineálacha eile tacaíochta dlúthpháirtíochta	Ranníocaíochtaí airgeadais (EUR)	Bearta dlúthpháirtíochta malartacha (luach in EUR)
an Ghréig	1,8585 %			7 800 000
an Spáinn	10,0106 %		42 040 000	
an Iodáil	12,8565 %			54 000 000
An Chipir	0,2048 %	43		

2. Ballstáit á bhfuil aghaidh á tabhairt acu ar staid shuntasach imirce de bhun Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2323

Ballstát	Cion cothrom	Athshocrú nó cineálacha eile tacaíochta dlúthpháirtíochta	Ranníocaíochtaí airgeadais (EUR)	Bearta dlúthpháirtíochta malartacha (luach in EUR)
an Bhulgáir	1,0180 %	214		
an tSeicia	2,1358 %			0 (*)
an Eastóin	0,2677 %		280 000 (*)	280 000 (*)
an Chróit	0,6858 %			0 (*)
an Ostair	2,4076 %			0 (*)
an Pholainn	6,6160 %			0 (*)

(*) Léirítear leis an bhfigiúr seo ríomh comhiomlán ghealltanas an Bhallstáit a chomhfhreagraíonn dá chion cothrom arna choigeartú i bhfianaise a shuntasaí atá a staid imirce chun an chéad Chomhthiomsú Dlúthpháirtíochta Bliantúil a bhunú.

3. Ballstáit eile

Ballstát	Cion cothrom	Athshocrú nó cineálacha eile tacaíochta dlúthpháirtíochta (*)	Ranníocaíochtaí airgeadais (EUR) (*)	Bearta dlúthpháirtíochta malartacha (*) (luach in EUR)
an Bheilg	3,0767 %		12 920 000	
an Ghearmáin	21,6890 %	4 555		
Éire	2,2049 %		9 260 000	
an Fhrainc	16,0021 %	3 361		

Ballstát	Cion cothrom	Athshocrú nó cineálacha eile tacaíochta dlúthpháirtíochta (*)	Ranníocaíochtaí airgeadais (EUR) (*)	Bearta dlúthpháirtíochta malartacha (*) (luach in EUR)
an Laitvia	0,3234 %			1 360 000
an Liotuáin	0,5474 %	58	1 140 000	
Lucsamburg	0,3212 %	15	1 040 000	
an Ungáir	1,6604 %			*níor tugadh aon ghealltanas*
Málta	0,1295 %	14	260 000	
an Ísiltír	5,2154 %		21 900 000	
an Phortaingéil	2,0108 %		*8 440 000*	
an Rómáin	3,1480 %	661		
an tSlóivéin	0,4306 %		1 800 000	
an tSlóvaic	0,9856 %			*níor tugadh aon ghealltanas*
an Fhionlainn	1,4160 %		5 940 000	
an tSualainn	2,7807 %		11 680 000	

(*) Chun an chéad Chomhthiomsú Dlúthpháirtíochta Bliantúil a bhunú, is féidir le seo seasamh do chineálacha eile tacaíochta dlúthpháirtíochta, lena n-áirítear na cinn sin dá dtagraítear in aithris 14, nuair a chomhaontóidh na Ballstáit is rannchuiditheoirí agus na Ballstáit is tairbhithe go déthaobhach an méid sin.